

Suíomh beathaisnéisí Gaeilge www.ainm.ie seolta ag Donnchadh Mac Fhionnlaoidh TD, Aire Stáit na Gaeltachta

Sheol Donnchadh Mac Fhionnlaoidh, Aire Stáit na Gaeltachta, suíomh nua beathaisnéisí Gaeilge www.ainm.ie inniu i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath. Rinne gach aon duine den 1,693 beatha atá faoi chaibidil anseo a chion féin don Ghaeilge le 500 bliain anuas.

An tionscadal

Tá an tionscadal seo á fhorbairt ag Fiontar, ó 2009 i leith, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht agus le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, bunúdair na sraithe *Beathaisnéis* a d'fhoilsigh An Clóchomhar i naoi n-imleabhar (1986-2007). Mhainigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta céim thosaigh an tionscadail, digitiú an ábhair agus an foilsíú ar líne.

Na beathaí

Mórshaothar luachmhar léinn é seo a chuimsíonn beagnach 1,700 beatha ó 1560 go dtí an lá inniu. Is é sprioc an tionscadail rochtain éasca ar an taisce eolais seo, 1.3 milliún focal ar fad, a dheimhniú trí dhigitiú an ábhair bhunaidh agus é a fhoilsíú ar líne. Cuirfidh na saoráidí breise cuardaigh agus brabhsála ar chumas an úsáideora an saothar mór taighde seo a chíoradh ar bhealaí úra ilghnéitheacha.

Saoráidí breise

Tá na saoráidí breise seo ar fáil ar an suíomh:

- Liosta aibítreach na mbeathaí
- Córas cuimsitheach crostagartha
- Cuardach lán téacs sofaisticiúil ar eochairfhocail agus ar fhrásaí
- Amlíne
- Liostaí téamaí clibeáilte sna beathaí (logainmneacha, saothair, míreanna a bhaineann le Conradh na Gaeilge, institiúidí oideachais)
- Beatha na seachtaine
- Agallamh leis na bunúdair

Dúirt an tAire Mac Fhionnlaoidh agus an suíomh seo á sheoladh aige: “Tá an tionscadal *Beathaisnéis* tugtha ar aghaidh glúin eile isteach sa ré dhigiteach, ag Fiontar, DCU...Bhíothas ag súil tráth gur ‘leabhair adhairte’ a bheadh sna himleabhair chlóite, ach is ar scáileán iPad is mó a fheicfidh na glúnta nua anois iad”.

Cuirfear beathaí nua leis an suíomh de réir mar a chuirfear ar fáil iad agus déanfar seanbeathaí a nuashonrú de réir mar a thagann fianaise nua chun solais. Cuirfear leis na saoráidí cuardaigh agus brabhsála ar an suíomh ar bhonn leanúnach.